An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) TUAIRISC

Coláiste de hÍde, Tamhlacht, BÁC 24 Uimhir Rolla: 70021D

Dáta na cigireachta: 8 Samhain 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SAN OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL (OSSP)

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	8 Samhain 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith trí thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí ábhair

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí ullmhúchán maith nó an-mhaith déanta ag na múinteoirí d'fhormhór na gceachtanna a breathnaíodh; an úsáid mhaith a baineadh as modheolaíochtaí a raibh foghlaim ghníomhach i gceist iontu, chuir sin go mór le héifeacht na foghlama a bhí á dhéanamh, i bhformhór na gcásanna.
- Bhí an bhainistíocht ranga an-éifeachtach i ngach cás a breathnaíodh. Ba léir go raibh caidreamh an-mhaith idir na muinteoirí agus na mic léinn.
- Thacaigh raon leathan gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim le soláthar an OSSP sa scoil.
- Tá an fhoireann nua OSSP díograiseach i mbun an ábhair agus iad tiomanta dá gcuid mac léinn.
- Tá an soláthar curaclaim agus an tráthchlárú sásúil.
- Tá gnéithe dearfacha áirithe ag baint leis an bpleanáil roinne, mar shampla an anailís a dhéantar ar thorthaí. Tá an-scóip fós ann, áfach, chun forbairt a dhéanamh ar achair eile den phleanáil roinne.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba chóir freastal mhúinteoirí an ábhair seo ar oiliúint bhreise inseirbhíse a éascú.
- Ba chóir comhordaitheoir a cheapadh don ábhar.
- Ba chóir pleanáil roinne a chur chun cinn. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna oibre agus iad a leagan amach in aghaidh an téarma, agus torthaí aontaithe foghlama a chur leo, chun comh-mheasúnú a éascú agus chun a dheimhniú go gclúdaítear topaicí uile an tsiollabais go sásúil.

- Ba chóir do mhúinteoirí súil ghéar a choimeád ar scéimeanna oibre na roinne agus ar riachtanais an tsiollabais OSSP nuair atá ceachtanna á bpleanáil acu.

RÉAMHRÁ

Iarbhunscoil chomhoideachais is ea Coláiste de hÍde faoi phátrúnacht Choiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath. Is í an Ghaeilge an phríomhtheanga mhúinteoireachta sa choláiste. Bhí trí chéad scoláire ar na rollaí nuair a bhí an mheastóireacht seo á dhéanamh.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí ullmhúchán maith nó an-mhaith déanta ag na múinteoirí d'fhormhór na gceachtanna a breathnaíodh. Bhí gnáthaimh na gceachtanna go héifeachtach, bhí luas maith fúthu, bainistíocht mhaith á dhéanamh ar chúrsaí ama, agus raon leathan modheolaíochtaí in úsáid.
- Cuireadh topaic an cheachta in iúl go soiléir ag tús gach ranga. Chuir sé seo struchtúr maith ar na ceachtanna a breathnaíodh. Rinneadh athbhreithniú i gcás amháin ag deireadh an cheachta, rud a thug deis don mhúinteoir cáilíocht na foghlama a bhí déanta a mheas. Moltar go n-úsáidfí an dea-chleachtas seo sna ceachtanna go léir.
- Bhí foghlaim ghníomhach á spreagadh i bhformhór na gceachtanna, mar a mholtar i siollabas an OSSP. Sna cásanna seo, d'éascaigh obair dhea-eagraithe ghrúpa an fhoghlaim chomh-oibritheach.
- Ba léir go raibh úsáid mhaith á baint as Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide i gceacht amháin, áit a ndearnadh cur i láthair PowerPoint agus nasc le mír nuachta ón gcartlann. Is inmholta an gnás é go ndéantar acmhainní leictreonacha a íoslódáil chuig córas inmheánach gréasáin na scoile.
- I gceacht amháin a breathnaíodh, ní raibh ach nasc an-scaoilte idir ábhar an cheachta agus siollabas an OSSP. Ba chóir do mhúinteoirí súil ghéar a choimeád ar shiollabas an OSSP agus ar phlean na roinne nuair atá ceachtanna á n-ullmhú acu.
- I seomra ranga amháin ar tugadh cuairt air, bhí na mic léinn ag ullmhú don tionscadal gnímh. Tugadh faoi deara go raibh béim mhaith á leagan ar fhorbairt scileanna sa cheacht seo. Áit a bhfuil dhá ghrúpa sa rang ag dul i mbun an tionscadail chéanna, mar a bhí sa chás seo, moltar go leagfaí amach go soiléir cad iad go díreach na tascanna agus na freagrachtaí atá ar gach grúpa acu.
- Is beag cúram a deineadh de shainstór focal an ábhair sna ceachtanna a breathnaíodh. Moltar go mbeadh seacht gcoincheap an OSSP ar taispeáint go soiléir sna seomraí ranga a bhfuil OSSP á mhúineadh iontu. Ba chóir aire na mac léinn a dhíriú freisin ar na heochairfhocail a bhaineann le gach topaic ar leith agus iad a spreagadh chun na heochairfhocail sin a bhreacadh ina gcuid cóipleabhar. Seans go mbeidh cabhair le fáil i leith an méid seo sna hacmhainní a d'fhág an cigire ag an scoil.
- Conacthas straitéisí maithe measúnaithe in úsáid, mar shampla ceistiúchán ar chaighdeán maith agus trialacha rialta. Tugtar obair bhaile go rialta i bhformhór na ranganna a

breathnaíodh. Ba léir go raibh monatóireacht áirithe á dhéanamh ar obair bhaile. Moltar go dtabharfaí obair bhaile go rialta sna ranganna go léir, agus go ndéanfaí monatóireacht uirthi, mar atá leagtha amach i bpolasaí measúnaithe na scoile. Ní raibh aon fhianaise ar fáil go raibh comhthástáil á dhéanamh ar an ábhar.

- Bhí an bhainistíocht ranga an-mhaith i ngach cás. Ba léir go raibh caidreamh an-mhaith idir na múinteoirí agus na mic léinn.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá soláthar maith curaclaim déanta don ábhar sa scoil. Tá tréimse ranga amháin sa tseachtain don OSSP ag gach mac léinn sa tsraith shóisearach, mar a mholtar. I gcás formhór na mac léinn, an múinteoir a bhíonn acu don OSSP, bíonn an múinteoir céanna sin acu d'ábhar eile freisin, mar a mholtar in Imlitir M13/05.
- Tugann pobal na scoile an-tacaíocht do sholáthar OSSP, trí bhunú Chomhairle na Scoláirí agus Chóras na Maor, trí sholáthar acmhainní agus trí éascú a dhéanamh ar raon leathan gníomhaíochtaí comh-churaclaim, mar shampla aoi-chainteoirí a eagrú agus cuairteanna ar áiteanna suimiúla sa cheantar. Tá an scoil le moladh as Bratach Glas a ghnóthú. Ba chóir don fhoireann OSSP leanúint orthu ag tacú leis an réimse maith gníomhaíochtaí seo.
- Tá nósanna imeachta maithe measúnaithe i bhfeidhm sa scoil. I gcás na mac léinn nach bhfuil sna ranganna scrúduithe, cuirtear tuairiscí orthu abhaile sé huaire sa bhliain. Bíonn a ionad féin ag OSSP sna tuairiscí seo, sna scrúduithe tí agus ag na cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí.
- Mar gheall ar athruithe i bpearsanra na scoile le déanaí, tá foireann úrnua múinteoirí i mbun OSSP anois. Tá na múinteoirí seo díograiseach agus tiomanta dá gcuid mac léinn, ach tugadh faoi deara nach bhfuil ach múinteoir amháin acu a fuair oiliúint agus taithí in achar an OSSP roimh an mbliain scoile seo.
- Tuigtear go bhfuil ionduchtú áirithe déanta cheana féin sa scoil, ach moltar go ndéanfadh an bhainistíócht iarracht tuilleadh oiliúna a chur ar fáil don fhoireann mhúinteoirí OSSP. Ba chóir dul i gcomhairle leis an Seirbhís Forbartha Proifisiúnta do Mhúinteoirí (PDST) féachaint cad iad na cúrsaí inseirbhíse atá ar fáil.
- Moltar do múinteoirí ballraíocht a ghlacadh i gCumann na Múinteoirí Saoránachta (ACT).

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Níl ach na céimeanna tosaigh sa phleanáil roinne glactha fós. Comhartha dearfach é go dtionóltar cruinnithe go rialta agus go gcoimeádtar miontuairiscí ar na cruinnithe sin.
- Ní raibh aon chomhordaitheoir ceaptha don ábhar ag am an mheasúnaithe. Ba chóir duine den triúr múinteoirí atá i mbun an ábhair a roghnú mar chomhordaitheoir, chun freagracht a ghlacadh as an bpleanáil roinne.
- Bhí raon maith cáipéisí ar fáil i bhfillteán na roinne – scéimeanna oibre, catalóg acmhainní agus anailís ar thorthaí scrúduithe ina measc.
- Léirigh iniúchadh ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachtat go bhfuil laghdú nach beag ar líon na mac léinn sa scoil a fhaigheann torthaí arda san OSSP le blianta beaga anuas.

Chun an claonadh seo a aisiompú, moltar go bpléifeadh agus go n-aontódh an roinn gnásanna measúnaithe do na bliainghrupaí go léir sa tsraith shóisearach. Moltar go tréan go dtosófaí ar chomh-mheasúnú a úsáid ar fud na roinne.

- Ba cheart do na múinteoirí dea-chleachtais maidir le modheolaíochtaí múinteoireachta agus acmhainní a mhalartú lena chéile níos coitianta ag cruinnithe roinne.
- Ba cheart na scéimeanna oibre don ábhar a leagan amach in aghaidh an téarma, agus na torthaí foghlama a mbeifear ag súil leo i ngach rannóg a shoiléiriú, mar áis do mhúinteoirí agus iad ag ullmhú a gcuid ceachtanna. Ba cheart an siollabas OSSP a úsáid mar threoir nuair atá na torthaí foghlama á leagan amach.
- Ba léir go raibh ullmhúchán maith déanta ag múinteoirí do cheachtanna aonair, ach tugadh faoi deara in an-chuid cásanna go raibh múinteoirí ag obair neamhspleách ar na scéimeanna oibre. I gcás amháin léirigh iniúchadh ar chóipleabhair na mac léinn gur caitheadh am ar mhúineadh topaicí nach bhfuil ar shiollabas an OSSP.
- Ba chóir do na múinteoirí cloí leis na scéimeanna oibre ar aontaíodh orthu, chun deimhin a dhéanamh de go gclúdaítear an siollabas go sásúil agus chun comh-mheasúnú a éascú.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Foilsithe Samhain 2012